Coláiste | Aonad Bainistíochta:	Leas – Uachtarán UCD um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar
Scoil | Aonad:	An tSaoráid Bhithleighis (BMF)
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:	**Freastalaí Saotharlainne**
Tréimhse an Phoist:	Post Buan
Grád:	Freastalaí Saotharlainne
Uimh. Thagartha do Ghrádú ar Phost:	N/B
Bainisteoir Líne:	Stiúrthóir, an tSaoráid Bhithleighis
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	018416
Riarthóir Acmhainní Daonna:	Nicola Manley
Costais Athlonnaithe:	Níl
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:	Neamhbhainteach.

Achoimre ar an bPost:

Féachann Saoráid Bhithleighis UCD (BMF) le Freastalaí Saotharlainne a cheapadh chun cúram a sholáthar d'ainmhithe saotharlainne, éisc agus froganna atá lonnaithe sa BMF agus in áiteanna eile ar champas Belfield, Baile Átha Cliath 4.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Táthar ag súil go gcuirfidh an freastalaí saotharlainne tacaíocht agus éiteas oibre ar fáil a thagann le tiomantas an choláiste chun a chinntiú go gcuirtear na 3R i bhfeidhm in úsáid ainmhithe i dtaighde.

- Coinníollacha comhshaoil na n-ainmhithe i ngach aonad a sheiceáil, cúram a thabhairt dóibh agus a chothú – mar shampla beathú, uisce a sholáthar, cásanna a athrú.
- Leas na n-ainmhithe a sheiceáil, imeacht ó normáltacht, tuairisciú agus taifid a choinneáil ar aon diallais den sórt sin san áireamh.
- Cásanna a athrú agus a ghlanadh de láimh agus trealamh níocháin a úsáid.
- Timpeallacht shlachtmhar a chothú, leapacha salach ainmhithe agus dramhaíl ghinearálta a dhiúscairt mar is cuí.
- Dramhábhar bitheolaíoch a bhaint lena dhiúscairt ina dhiaidh sin agus/nó lena n-uathchlátáil.
- Monatóireacht ar leibhéil stoic.
- Úsáid agus oibriú gach trealaimh riachtanacha is iomchuí do chúram ainmhithe a choinnítear i dtimpeallacht taighde de réir nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin.
- Gluaiseacht ainmhithe idir limistéir ghabháltais ainmhithe a éascú.
- Rannpháirtíocht le teicneolaíocht nua-aimseartha agus TF mar is cuí.
- Gluaiseacht stoic agus tomhaltáin.
- Iad féin a choinneáil incháilithe le haghaidh údarú aonair ón nGníomhaireacht um Rialáil Táirgí Sláinte (HPRA) chun nósanna imeachta ainmhithe a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 2010/63/AE agus I.R. Uimh. 543/2012.

- Tacaíocht lasmuigh de ghnáthuaireanta a sholáthar don aonad nuair is gá.
- Na dualgais iomchuí sin a shanntar dóibh ag bainistíocht an BMF.

Sainiúil don phost seo:

Beidh ort 36.5 croí-uair an chloig a oibriú in aghaidh na seachtaine - comhaontófar leithdháileadh iarbhír na n-uaireanta oibre seo le do bhainisteoir líne. Beidh sé riachtanach freisin, uaireanta, obair bhreise a dhéanamh lasmuigh de na croí-uaireanta oibre seo, chun leas ainmhithe a áirithiú agus chun ceanglais reachtúla a chomhlíonadh. Beidh na huaireanta breise a bhfuil gá leo, a n-íocfar rátaí ragoibre ina leith, mar a chomhaontaítear leis an Stiúrthóir, leis an Saoráid Bhithleighis nó leis an ainmní.

Ina theannta sin, baineann na coinníollacha seo a leanas go sonrach leis an bpost seo:

- Chomh maith le gnáthriachtanais an phoist beifear ag súil go gcomhlíonfaidh an t-iarratasóir rathúil na coinníollacha caighdeánacha a bhaineann le rúndacht, slándáil, bithshlándáil agus comhlíonadh dlíthiúil ar gnáthchleachtas iad i ngach aonad den sórt sin.
- D'fhéadfadh go mbeadh orthu tabhairt faoi shainoiliúint chun iad féin a fheistiú go hiomlán do na dualgais seo agus do na dualgais eile de réir mar a thiocfadh leo.
- Beifear ag súil go gcoimeádfaidh siad na hinniúlachtaí sin trí oiliúint leanúnach a cheanglaítear le IR 543/2012 nó trí bhainistíocht aonaid.
- D'fhéadfadh go n-iarrfar ar an iarrthóir rathúil oibriú nuair a bhíonn an coláiste dúnta ag an deireadh seachtaine, Laethanta Saoire Bainc agus le linn saoire na Nollag agus na Cásca.
- Beidh sé de chumas ag an té a cheapfar feidhmiú go héifeachtach mar bhall foirne, beidh sé/sí toilteanach smaointe agus moltaí a thabhairt agus beidh sé/sí in ann a n-ualach oibre féin a struchtúrú chun spriocdhátaí a bhaint amach.

95 Freastalaí Saotharlainne/Stórasóir_2013 Scála Tuarastail: €34,848 - €39,775 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí faoi incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus eolas pinsin ar fáil ag
https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, iad siúd a shainaithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san áireamh. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnta d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtar go bhfuil míchumas nó néar-éagsúlacht acu.

Critéir Roghnúcháin:

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

- Cumas idirghníomhú go héifeachtach le gach leibhéal foirne.
- Taithí ar ról a éilíonn ardleibhéal cruinnis agus aird ar mhionsonraí.
- Cumas oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil i dtimpeallacht ordúil a éilíonn cúram, cruinneas agus glaineacht.
- Taithí roimhe seo i dtimpeallacht ainmhithe saotharlainne.
- Imreoir foirne den scoth.

Inmhianaithe:

- Taithí roimhe seo ar a bheith ag obair i saotharlann nó i dtimpeallacht rialaithe agus na cineálacha céanna dualgas á gcomhlíonadh.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	http://www.ucd.ie/aboutucd.htm
Straitéis UCD go dtí 2030 - Teorainneacha a Shárú:	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	https://www.ucd.ie/research/portal/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD:	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	Sylvia Mehigan
Teideal:	Príomhoifigeach Teicniúil, Saoráid Bhithleighis
Seoladh ríomhphoist:	sylvia.mehigan@ucd.ie